Scagthástáil chíche

Do chóras luathrabhaidh

Irish translation of *Breast screening - your early warning system*

Iarrtar ar gach bean idir 50 agus 64 bliain i dTuaisceart Éireann scagthástáil chíche a úsáid gach trí bliana le x-ghathú speisialta ar a dtugtar mamagraim. Ní gnách mná os cionn an 65 a iarraidh chun scagthástála ach is féidir leo coinne a dhéanamh in ionad scagthástála áitiúil (feic lch. deireanach).

Cé fáth a bhfuil scagthástáil chíche uaim?

Laghadaíonn scagthástáil chíche baol báis a thagann le hailse chíche.

- Is í ailse chíche an ailse is coitianta ar mhná Thuaisceart Éireann – beidh sí ar 1 as gach 12 roimh aois 75 bliain.
- Is coitianta ailse chíche ar mhná os cionn 50 bliain agus is furasta a haimsiú orthu.
- Cuidíonn scagthástáil chíche linn teacht ar ailse chíche go luath sula mbíonn comharthaí nó tinneas ann.
- Má aimsítear ailse chíche go luath is mór an seans go dtiocfar slán uirthi.

Cad a tharlaíonn agus mé ann?

Mairfidh cuairt scagthástála suas le 30 nóiméad. Caithfear bheith lom ón choim suas don x-ghathú, b'fhearr éadaí oiriúnacha a chaitheamh mar sin. Cuirfidh an fhoireann radagrafaíochta, iad uile bainin, na cíocha idir dhá phláta x-ghathuithe speisialta. Ní mhairfidh x-ghathú ach roinnt soicind agus méid an-bheag radaíochta.

Cá dtéim?

Iarrfar ort teacht chuig ionad scagthástála áitiúil, ag brath ar d'áit chónaithe (feic lch. deireanach) nó chuig aonad gluaisteach. Tarlaíonn an tástáil chéanna sa dá áit ach go bhfuil deacrachtaí rochtana ag baint le haonaid ghluaisteacha dóibh sin a bhfuil deacrachtaí siúil acu. Is cóir do mhná a bhfuil ionchlannáin chíoch orthu dul chuig an ionad scagthástála in áit an aonaid ghluaistigh.

An ngortaíonn scagthástáil chíche?

Bíonn x-ghathú beagán míchompordach ag roinnt ban mar caithfear greim daingean bheith ar na cíocha agus brú orthu leis an phictiúr is fearr a sholáthar. Ina dhiaidh sin, ní fada a mhaireann x-ghathú agus ní bhíonn sé chomh míchompordach céanna ag mórán ban an dara huair.

Cén uair a fhaightear torthaí?

Is gnách na torthaí bheith ag mná agus ag a ndochtúirí féin (DG) taobh istigh de thrí seachtainí.

Cad is ciall le mé a iarraidh ar ais?

Iarrtar ar 1 bean ar gach 20 teacht ar ais. Tarlaíonn sé seo nuair a léiríonn torthaí go bhfuil gá le tástáil bhreise. Ní hionann cuireadh ar ais agus fadhb – bíonn dea-thoradh leis an tástáil bhreise ag 4 ar gach 5 bean.

Cá hiontaofa atá scagthástáil chíche?

Is í an tslí is iontaofa í le teacht ar ailse chíche go luath. Ina dhiaidh sin, níl sí foirfe. Ní féidir corrailse a aimsiú le x-ghathú, cé go bhfuil siad ann. Féadann sé bheith deacair fosta ailsí eile a fheiceáil.

An gcoscann scagthástáil chíche ailse chíche?

Ní choscann. Cuidíonn scagthástáil chíche le haimsiú ailse cíche nuair is éifeachtaí an chóireáil. Ina dhiaidh sin, ní chuidíonn sí le haimsiú ailse ach nuair a bhíonn an ailse ann cheana. Féadann ailse chíche teacht am ar bith. Tiocfaidh ailse chíche ar roinnt ban idir cuairteanna tástála. Is cóir cíocha a sheiceáil go rialta. Má tá ábhar imní ann, déantar teagmháil leis an DG, fiú amháin má bhí x-ghathú ann le deireanas.

Cad a tharlaíonn don x-ghathú i ndiaidh a léite?

Coinnítear x-ghathú ar feadh ocht mbliana ar a laghad. Éascaíonn sé seo cur i compráid le cinn eile san am atá le teacht. Féadtar athbhreithniú x-ghathuithe bheith ann lena chinntiú go mbíonn ardchaighdeán seirbhíse ann.

Cá bhfuarthas mo mhionsonraí teagmhála?

Fuarthas ó liosta do DG iad, mar sin de tá gá leis na mionsonraí sin bheith cruinn. Iarrtar liosta de mhná atá idir 50-64 bliain ar árais gach DG gach trí bliain. A fhad agus go mbíonn bean cláraithe le DG iarrfar uirthi teacht faoi choinne scagthástála cíche faoin 53ú breithlá.

Agus muna bhfuil mé 50 bliain d'aois go fóill?

Ní thugtar cuireadh scagthástála cíche do mhná is óige ná 50 bliain mar nós mar:

- is lú i bhfad baol ailse cíche sa ghrúpa seo;
- is tuibhe fíochán na gcíoch ag mná sa ghrúpa seo agus is deacaire i bhfad x-ghathú a léamh dá réir.

Má tá ábhar buartha faoi fhadhb cíche, afách, nó má tá stair ailse cíche sa teaghlach ann, déantar teagmháil leis an DG a chuirfidh faoi choinne barúla agus tástála speisialaithe thú, más gá.

Déantar teagmháil le do DG nó leis an ionad scagthástála áitiúil má bhíonn ceist ar bith le cur.

Ionaid Scagthástála

Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir
Ionad na Scagthástála
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS
☎ 028 9033 3700

Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Tuaiscirt
Aonad Luachála agus Scagthástála Cíche an Tuaiscirt
Level A, Antrim Area Hospital
45 Bush Road, Antrim BT41 2RL
☎ 028 9442 4425

Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Deiscirt
Aonad Scagthástála Cíche
Lurgan Hospital
Sloan Street, Lurgan BT66 8NX
☎ 028 3834 7083

Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Iarthair
Aonad Scagthástála Cíche
Altnagelvin Hospital
Glenshane Road, Londonderry BT47 6SB
☎ 028 7161 1443

Is féidir an duilleog seo a fháil i dteangacha eile agus ar chlostéip ach a hiarraidh ar an ionad scagthástála – feic an gréasán: www.dhsspsni.gov.uk/phealth

Health Promotion Agency

Arna dhearadh agus arna tháirgeadh ag Gníomhaíocht um Chothú Sláinte Thuaisceart Éireann ar son Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí.

03/03